**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**
**ACHTCHOLÁISTEPHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929**
**UNIVERSITIES ACT, 1997**
**HIGHER EDUCATION AUTHORITY ACT, 2022**

**OLLSCOIL NA GAILLIMHE**

**RIALACHÁN 2/2026**

## University of Galway/*Ollscoil na Gaillimhe*

## REGULATION 2/2026/*RIALACHÁN 2/2026*

WE, Údarás na hOllscoile of University of Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of University of Galway, make the Regulation contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhacht sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na Gaillimhe, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na Gaillimhe, an Rialachán atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of University of Galway, this Twenty-fourth Day of June,Two Thousand and Twenty Six/*Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na Gaillimhe, an lá seo, an Ceathrú lá Fichead de mhí Meithimh, Dhá Mhíle agus Fiche a Sé.*

Present when the Common Seal of University of Galway, was affixed hereto:

*I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na Gaillimhe, dó seo:*

L.S.

David J. Burn, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*

### Schedule – REGULATION 2/2026/*Sceideal – RIALACHÁN 2/2026*

All previous Regulations of University of Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth./*Déanfar Rialacháin uile Ollscoil na Gaillimhe, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.*

**CHAPTER 1**

**VICE PRESIDENT GLOBAL AND REGIONAL ENGAGEMENT**

1. The Vice President: Global and Regional Engagement, under the general direction of the President, shall have responsibility for developing and overseeing the implementation of the University's external engagement strategy to grow its regional and global reputation.

2. The Vice President: Global and Regional Engagement shall have specific responsibility for:

    a) Developing and leading an ambitious engagement strategy based on University of Galway's distinctive strengths, global and regional connections and unique location within the city and region, including championing engagement with the Irish Language.

    b) Develop and oversee the supporting structures to deliver the external engagement strategy across internationalisation, partnership building, fundraising, brand and reputation development and high quality, professional external communications.

    c) Act as a key driver and ambassador for the University's external relations regionally, nationally and globally, advocating for the University, building its reputation and leveraging external fundraising opportunities.

    d) Lead the development and sustainability of partnerships with regional, national and international organisations, including the University's involvement in European networks and alliances.

    e) Providing strategic leadership and management support for the following Directorates: Marketing & Communications, International Office, Fundraising & Development Office and External Engagement.

3. The Vice President: Global and Regional Engagement shall be a member of the University Management Team, and shall attend, as requested, at meetings of Údarás na hOllscoile and any relevant committees thereof.

4. The Vice President: Global and Regional Engagement shall chair the International Committee which is a sub-Committee of Academic Council, and shall provide reports of the Committee to Academic Council.

5. The Vice President: Global and Regional Engagement shall consult, as directed by the President, with other officers of the University in respect of matters of common concern.

**CHAPTER II**

1. This Regulation shall come into operation on the twenty-fourth day of June, Two Thousand and Twenty Six, and may be cited as Regulation 2/2026, University of Galway, or Reg. 2/2026, Univ. of Galway.

Present when the Common Seal of University of Galway, was affixed hereto:

L.S.

David J.Burn, *Uachtarán*
Caroline Loughnane *Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*

**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**
**ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE,**
**1929 UNIVERSITIES ACT, 1997**
**HIGHER EDUCATION AUTHORITY ACT, 2022**

**OLLSCOIL NA GAILLIMHE**

**RIALACHÁN 2/2026**

## University of Galway/*Ollscoil na Gaillimhe*

## REGULATION 2/2026/*RIALACHÁN 2/2026*

WE, Údarás na hOllscoile of the University of Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of the University of Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhachtaí sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, DÉANAIMIDNE, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na Gaillimhe, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na Gaillimhe, an Rialachán atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of University of Galway, this Twenty-fourth Day of June,Two Thousand and Twenty Six/*Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na Gaillimhe, an lá seo, an Ceathrú Lá Fichead de mhí an Mheithimh, Dhá Mhíle agus Fiche a Sé.*

Present when the Common Seal of University of Galway, was affixed hereto:

*I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na Gaillimhe, de seo:*

L.S.

David J. Burn, *An tUachtarán*
Caroline Loughnane, *An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*

### Schedule – REGULATION 2/2026/*Sceideal – RIALACHÁN 2/2026*

All previous Regulations of University of Galway, shall be read and construed with the alterations, additions and modifications hereinafter set forth./*Déanfar Rialacháin uile Ollscoil na Gaillimhe, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.*

### CAIBIDIL 1

### AN LEAS-UACHTARÁN: RANNPHÁIRTÍOCHT DHOMHANDA AGUS RÉIGIÚNACH

1. Beidh an Leas-Uachtarán: Rannpháirtíocht Dhomhanda agus Réigiúnach, faoi stiúir ghinearálta an Uachtaráin, freagrach as straitéis rannpháirtíochta seachtraí na hOllscoile a fhorbairt agus as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na straitéise sin chun cur lena cáil réigiúnach agus dhomhanda.

2. Beidh freagracht shonrach ar an Leas-Uachtarán: Rannpháirtíocht Dhomhanda agus Réigiúnach as an méid seo a leanas:

    a) Straitéis rannpháirtíochta uaillmhianach a fhorbairt agus a threorú bunaithe ar láidreachtaí sainiúla Ollscoil na Gaillimhe, naisc dhomhanda agus réigiúnacha agus a suíomh uathúil sa chathair agus sa réigiún, lena n-áirítear rannpháirtíocht leis an nGaeilge a chur chun cinn.

    b) Na struchtúir thacaíochta a fhorbairt agus a mhaoirsiú chun an straitéis rannpháirtíochta seachtraí a chur ar fáil maidir le hidirnáisiúnú, forbairt comhpháirtíochta, tiomsú airgid, forbairt branda agus clú agus cumarsáid sheachtrach ghairmiúil ar ardchaighdeán.

    c) Gníomhú mar phríomhthiománaí agus ambasadóir do chaidreamh seachtrach na hOllscoile go réigiúnach, go náisiúnta agus go domhanda, ag tacú leis an Ollscoil, ag cur lena clú agus ag baint leas as deiseanna tiomsaithe airgid seachtracha.

    d) Forbairt agus inbhuanaitheacht comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta a stiúradh, lena n-áirítear rannpháirtíocht na hOllscoile i líonraí agus i gcomhghuaillíochtaí Eorpacha.

    e) Tacaíocht straitéiseach bhainistíochta agus cheannaireachta a sholáthar do na Stiúrthóireachtaí seo a leanas: Margaíocht & Cumarsáid, an Oifig Idirnáisiúnta, an Oifig Bailithe Airgid & Forbartha agus Rannpháirtíocht Sheachtrach.

3. Beidh an Leas-Uachtarán: Rannpháirtíocht Dhomhanda agus Réigiúnach ina b(h)all d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile, agus freastalóidh sé/sí, de réir mar a iarrtar, ar chruinnithe Údarás na hOllscoile agus ar aon choistí ábhartha de chuid an Údaráis.

4. Beidh an Leas-Uachtarán: Rannpháirtíocht Dhomhanda agus Réigiúnach ina c(h)athaoirleach ar an gCoiste Idirnáisiúnta, ar fochoiste é den Chomhairle Acadúil, agus cuirfidh sé/sí tuairiscí an Choiste ar fáil don Chomhairle Acadúil.

5. Rachaidh an Leas-Uachtarán: Rannpháirtíocht Dhomhanda agus Réigiúnach i gcomhairle, de réir mar a ordóidh an tUachtarán, le hoifigigh eile na hOllscoile maidir le nithe a bhfuil spéis i bpáirt acu iontu.

## CAIBIDIL II

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i ngníomh an ceathrú lá fichead de mhí an Mheithimh, Dhá Mhíle agus Fiche a Sé, agus féadfar Rialachán 2/2026, Ollscoil na Gaillimhe a ghairm de, nó Rial. 2/2026, Oll. na Gaillimhe.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-
Shéala Ollscoil na Gaillimhe, de seo:

L.S.

David J.Burn, *An tUachtarán*
Caroline Loughnane, *An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*